BreastCheck Cairt

Insítear duit inar gcairt cad is féidir leat a bheith ag súil leis nuair a úsáidfidh tú ár seirbhísí scagthástála agus ailse, agus bealaí ar féidir leat cuidiú linn ár seirbhísí a dhéanamh níos fearr duit féin agus do dhaoine eile.

Páirt a ghlacadh

- Tugaimid cuireadh do mhná idir 50 agus 69 bliain d'aois le haghaidh scagthástáil cíoch.
- Tá sé mar aidhm againn cuireadh a thabhairt duit do do chéad scagthástáil faoi 52 bliain d'aois agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, suas go dtí 69 bliain d'aois.
- Tá sé mar aidhm againn cuireadh a thabhairt duit chuig aonad gar don áit a bhfuil cónaí ort.
- Tá an scagthástáil saor in aisce. Glacann ár radagrafaithe x-gha de do chíocha, rud ar a dtugtar mamagram.
- Tá a fhios againn go mbíonn sé deacair do mhná áirithe freastal ar scagthástáil. Is féidir linn tacú leat páirt a ghlacadh. Glaoigh orainn ar 1800 45 45 55 agus déanfaimid ár ndícheall cuidiú leat.
- Tá sé mar aidhm againn fógra 7 lá a thabhairt duit faoi dháta do choinne.
- Iarrfaimid ort foirm toilithe a shíniú chun páirt a ghlacadh sa scagthástáil.

Seirbhísí leantacha má dhiagnóiseoimid go bhfuil ailse cíche ort

- Míneoimid do chuid roghanna cóireála duit agus tabharfaimid eolas faoi ghrúpaí tacaíochta ailse duit.
- Spreagfaimid thú chun páirt a ghlacadh sa chinnteoireacht faoi do chóireáil agus tá fáilte romhat daoine eile a thabhairt isteach sa phlé. Beidh meas againn ar do chearta chun cóireáil a dhiúltú nó tuairim eile a iarraidh.
- Soláthróimid do chúram trí shainfoireann dochtúirí agus altraí, lena n-áirítear tacaíocht altranais cúraim cíoch roimh do chóireáil agus le linn do chóireála.
- Tá sé mar aidhm againn go n-eagróidh ár bhfoireann BreastCheck do chóireáil laistigh de 3 seachtaine ón am a dhiagnóiseofar go bhfuil ailse cíche ort.

Meas agus scagthástáil príobháideachta

- Éistfimid leat agus caithfimid leat le meas agus tuiscint.
- Tugaimid tacaíocht, oideachas agus oiliúint dár bhfoireann chun caitheamh go cothrom le gach duine, agus chun meas a léiriú ar chúlra agus ar fhéiniúlacht chultúrtha gach duine.
- Coinneoimid do chuid faisnéise (lena n-áirítear d'ainm, seoladh, dáta breithe, UPSP) go slán ar ár mbunachar sonraí.
- Tabhair fógra 3 lá ar a laghad dúinn más gá duit do choinne a athrú. Is féidir linn é a thairiscint do dhuine éigin eile.

Cumarsáid a dhéanamh leat

- Cuirfimid litir chugat sa phost ina dtabharfar cuireadh duit le haghaidh scagthástáil má tá tú ar ár gclár. Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin www.breastcheck.ie lena chinntiú go bhfuil tú ar ár gclár agus chun do shonraí teagmhála a athrú nó a nuashonrú. Is féidir leat glao a chur orainn freisin ar 1800 45 45 55.
- Cuirfimid eolas chugat faoin scagthástáil le do litir chuiridh, chun cuidiú leat rogha eolasach a dhéanamh.
- Féachaimid le torthaí do mhamagraim a chur chugat laistigh de 3 seachtaine.
- Féachaimid le measúnú leantach a thairiscint duit laistigh de 2 sheachtain ó thoradh scagthástála mínormálta a fháil. Déanfar é sin ag ceann dár n-aonaid BreastCheck.
- Tá sé mar aidhm againn do thorthaí leantacha a sheoladh ónár gclinic mheasúnaithe laistigh de 2 sheachtain.
- Cuirfimid scéala chugat má aimsímid go bhfuil botún déanta againn. Déanfaimid gach rud is féidir linn ionas na dtarlóidh sé arís duit féin nó d'aon duine eile.

Aire a thabhairt do do shláinte

- Tabharfaimid eolas duit faoi na siomptóim a bhaineann le hailse cíche. Tiocfaidh ailse cíche ar líon beag ban ar a ndéanfar scagthástáil go rialta.
- Déan teagmháil le do dhochtúir teaghlaigh láithreach má tá siomptóim ailse cíche ort, fiú má fuair tú toradh normálta scagthástála nó má táthar le scagthástáil a dhéanamh ort go luath.
- Tabharfaimid eolas duit faoi na buntáistí agus na srianta a bhaineann le scagthástáil cíoch. Ní féidir gach ailse a aimsiú trí scagthástáil.
- Is féidir leat a iarraidh orainn do stair scagthástála a athbhreithniú má dhiagnóisítear go bhfuil ailse cíche ort laistigh de 2 bhliain ó thoradh normálta a fháil sa scagthástáil, nó ó do mheasúnú leantach ag ár gclinic mheasúnaithe.

Seirbhísí sábháilte agus éifeachtacha

- Bainimid úsáid as trealamh ardchaighdeáin, nua-aimseartha a chloíonn le caighdeáin cháilíochta.
- Déanaimid athbhreithniú ar ár dtreoirlínte agus ár gcaighdeáin lena chinntiú go soláthraímid seirbhís den scoth.
- Déanaimid feabhsuithe leanúnacha chun cuidiú le beatha daoine a shábháil agus sláinte na mban a chur chun cinn.

Dd chuid aiseolais

- Is mór againn do chuid aiseolais agus coinneoimid do dhearcthaí, do thuairimí agus do mholtaí, agus cuirimid san áireamh iad agus feabhas á chur ar sheirbhís. Déan teagmháil linn:
- Saorghlao 1800 45 45 55
- Suíomh gréasáin: www.breastcheck.ie
- Eolas faoi BreastCheck – seol ríomhphost chuig: info@breastcheck.ie
- Moltaí nó gearáin seol riomhphost chuig: your.say@screeningservice.ie

BreastCheck
An Clár Náisiúnta Scagthástála Cíoch
The National Breast Screening Programme



BC/QP 009 Rev04